



2025/1393

21.8.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1393 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1184 chun clásal athbhreithniúcháin a thabhairt isteach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 10 Meitheamh 2025, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1184 ón gCoimisiún ⁽²⁾ chun liosta na dtíortha ardriosca a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún ⁽³⁾ a leasú. Sa ghníomh leasaitheach sin, leanadh na moltaí ón mbunaitheoir caighdeán idirnáisiúnta, an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA).
- (2) Tíortha nach sainaithnítear go poiblí mar thíortha atá faoi réir glaonna ar ghníomhaíocht nó faireachán méadaithe ag TFGA, d'fhéadfaidís a bheith ina mbagairt fós ar shláine chóras airgeadais an Aontais. I gcás ina gcuirtear ballraíocht na dtíortha sin in TFGA ar fionraí mar gheall ar sháruithe tromchúiseacha ar na croíphrionsabail is bonn leis an mbunaitheoir caighdeán sin, is dócha go dtiocfaidh méadú ar an mbagairt ar chóras airgeadais an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun sláine chóras airgeadais an Aontais a chaomhnú agus measúnú uathrialach a thabhairt chun críche i dtaobh an tríú tíortha ardriosca iad na tíortha sin dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849. I bhfianaise na staide geopholaitiúla atá ann faoi láthair, tá sé tábhachtach go ngníomhóidh an Coimisiún go pras. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le hoibleagáid ar an gCoimisiún an measúnú sin a thabhairt i gcrích faoin 31 Nollaig 2025. Chun an cur chuige a leantar le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1184 a chomhlánú, ba cheart oibleagáid den sórt sin a thabhairt isteach sa Rialachán sin.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1184 a leasú dá réir sin,

⁽¹⁾ IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1184 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 chun an Ailgéir, Angóla, an Chéinia, an Cósta Eabhair, Laos, an Liobáin, Monacó, an Namaib, Neipeal agus Veiniséala a chur le liosta na dtíortha ardriosca a thug gealltanais polaitiúil ardleibhéil i scríbhinn chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaithníodh agus a bhfuil plean gníomhaíochta forbartha acu le TFGA, agus chun Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Barbadós, Giobráltar, Iamáice, na hOileáin Philipíneacha, Panama, an tSeineagáil agus Uganda a bhaint den liosta sin (IO L, 2025/1184, 16.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1184/oj).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí thríú tíortha ardriosca a bhfuil easnamh straitéiseacha acu a shainaithint (IO L 254, 20.9.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/1675/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear Airteagal 1a isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1184:

‘Airteagal 1a

Faoin 31 Nollaig 2025, tabharfaidh an Coimisiún i gcrích an t-athbhreithniú ar thríú tíortha nach sainaithnítear mar thíortha atá faoi réir glaonna ar ghníomhaíocht nó faireachán méadaithe ag TFGA, ach a bhfuil a mballraíocht sa bhunaitheoir caighdeán idirnáisiúnta sin curtha ar fionraí, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a leasófar nó nach leasófar an larscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 dá réir sin.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN
